ddletb
Átha Cliath agus Dún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna
*Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board*

# Coláiste Cois Life

Gleann an Ghrífín, Leamhcán

# Polasaí Tinrimh agus Poncúlachta

| | |
|---|---|
| Ainm na Scoile: Coláiste Cois Life | Uimhir Rolla: 76065H |
| SEOLADH NA SCOILE 1 :Gleann an Ghrífín | Uimhir Ghutháin: 01-6211825 |
| SEOLADH NA SCOILE 2: Leamchán | Ríomhphost: eolas@colaistecoislife.ie |
| SEOLADH NA SCOILE 3: Co.Bhaile Átha Cliath | Suíomh gréasáin : colaistecoislife.ie |
| ÉIRCHÓID: KY78 Y330 | |

## 1. Réamhrá

Léiríonn an polasaí seo na straitéisí agus idirghabhálacha atá ann i gColáiste Cois Life le tinreamh scoile rialta agus rannpháirteachas sa chóras oideachais a spreagadh. An cuspóir atá ag na straitéisí agus céimeanna seo ná chun tinreamh rialta agus dea-phoncúlacht a spreagadh ionas gur féidir leis na daltaí barr a gcumais oideachasúil agus pearsanta a bhaint amach. Cuireann asláithreachas agus easpa poncúlachta as go mór d'fhoghlaim an dalta agus d'fheidhmiú laethúil na scoile.

## 2 Cuspóirí

- Go gcruthófar atmaisféar dearfach sa scoil a chuideoidh le foghlaim na ndaltaí.
- Go dtuigfidh daltaí an tábhacht a bhaineann le tinreamh agus dea-phoncúlacht i gcomhthéacs an tsaoil agus conas a chuireann droch-tinreamh isteach ar a gcuid foghlama féin agus foghlaim an ranga.
- Go gcuirfidh an polasaí le feidhmiú éifeachtach laethúil na scoile.
- A chinntiú go bhfuil tuismitheoirí/caomhnóir ar an eolas ar a gcuid freagrachtaí ó thaobh tinrimh agus ó thaobh poncúlachta de.

## 3 Straitéisí chun dea-thinreamh a spreagadh agus a aithint

Cuirfear na stráitéisí seo a leanas i bhfeidhm ag bainistíocht na scoile le dea-thinreamh agus poncúlacht a spreagadh, le béim ar dul chun cinn seachas foirfeacht;

- Atmaisféar comhbhách, cóimheasa agus dearfach a chruthú ina mbraitheann gach duine go dtugtar aitheantas dóibh agus dá gcuid luachanna.

- Córas Tréadchúraim éifeachtach agus Oifigeach Tinrimh/comhordaitheoir.

- Mana na scoile – Bí anseo, fan anseo, lá iomlán, gach lá.

- I gcás dea-thinreamh agus poncúlachta tabharfar aitheantas do dhaltaí sna bealaí seo a leanas;

    - Teastas Tinrimh/Poncúlachta
    - Aitheantas Poiblí
    - Duaiseanna beaga don tinreamh/poncúlacht is fear
    - Comórtas idir na ranganna i ngach bliainghrúpa, le duaiseanna beaga don rang is fearr
    - Fograí maidir le tinreamh ar idirchum na scoile go rialta.

- Córas clárúcháin tinrimh cuimsitheach trína dtuigeann daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí an tábhacht a bhaineann le tinreamh maith.
- Póstaeir le fograí dearfacha orthu timpeall na scoile chun béim a chur ar tinreamh agus poncúlacht mhaith, agus mar chuimhneacháin de na duaiseanna atá le buachan.
- Póstaer 'Tá tinreamh tabhachtach' le feiceáil ag na hoícheanta oscailte agus ag ócáidí oiriúnacha do dhaltaí na chéad bhliana agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.

## 4 Idirghabhálacha

Cuirfear straitéisí cuí i bhfeidhm le cabhrú le daltaí a gcuid tinrimh agus poncúlachta a fheabhsú. I measc na straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid tá;

- Fanacht siar
- Teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Comhairleoireacht a chur ar fáil don scoláire
- An scoláire a aththreorú i dtreo na seirbhisí cuí lasmuigh den scoil
- An cás a chur ar aghaidh go dtí an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB)
- Nuachtlitir/ríomhphost/teachtaireacht ar an aip faoin tábhacht a bhaineann le tinreamh maith agus poncúlacht ag tús na scoilbhliana agus b'fhéidir arís i rith na mbliana.

## 5 Rólanna agus Freagrachtaí na bpáirtithe éagsúla:

### 5.1 An Bord Bainistíochta

Tá an Bord Bainistíochta freagrach as:

- An polasaí a fhorbairt de réir na n-Achtanna agus na reachtaíochta cuí.
- An polasaí a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí

### 5.2 An Príomhoide /Príomhoide Tánaisteach

Ta an Príomhoide/ Príomhoide Tánaisteach freagrach as:

- An t-oideachas a chuirtear ar fail do dhaltaí uile na scoile
- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras clárúcháin ríomhaireachta
- Má tá scoláire as láthair gheobhaidh an tuismitheoir téacs faoi sin i gcaitheamh na maidine
- Liosta na scoláirí le droch thinreamh a sholáthar do na cinn bliana gach mí. Cumarsáid dhíreach le tuismitheoirí más gá chun dea-thinreamh a spreagadh.
- Déanfar athbhreithniú bhliantúil ar staitisticí tinrimh na scoláirí.
- Buaileadh le tuismitheoirí/caomhnóirí nuair is gá
- A chur in iúl don Bhord Náisiúnta um Leasa Oideachais i gcás dalta a bheith as láthair ar feadh fiche lá nó níos mó le linn tréimhse scoilbliana
- Dul i dteagmháil le agus comhairle a lorg ó ghníomhaireachtaí seachtracha más gá.

## 5.3 An Ceann Bliana

- Monatóireacht laethúil ar thinreamh scoláirí le cinntiu nach gcailleann scoláirí ranganna agus nach bhfágann aon scoláire an scoil gan chead.
- Duaiseanna beaga don tinreamh/poncúlacht is fearr agus an dul cinn is mó a bhronnadh ag tionól

## 5.4 An Múinteoir Ranga

Dea-shampla a léiriú.

**Ag clárú**

- A chinntiú go bhfuil gach scoláire atá i láthair ag clárú marcáilte i láthair ar an 'AM Roll Call' ar VSware.
- Tabharfar droch nóta d'aon scoláire nach úsáideann a gcárta tinrimh dhá lá as a chéile.
- Dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí de scoláirí atá as láthair trí lá as a chéile gan nóta ar an aip.

## 5.5 An Múinteoir Ábhair

Ba chóir do mhúinteoirí ábhair dea-shampla a léiriú ó thaobh tinreamh agus poncúlacht de. Úsáidtear an córás VSware chun cúrsaí poncúlachta agus tinrimh a rialú. Bá chóir do gach ball den fhoireann mhúinteoireachta na nósanna imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- Tá sé mar pholasaí na scoile go nglaotar an rolla i ngach uile rang ar VSware.
- Cumarsáid a dhéanamh leis an múinteoir ranga agus/nó an ceann bliana má tugtar faoi deara pátrún de dhrochthinreamh/dhrochphoncúlacht.
- Má tá tú ag clúdach ranga, ní mór dul isteach in amchlár an mhúinteora atá as láthair agus tinreamh an ranga a ghlacadh.
- I gcás aon deacrachtaí teicniúla leis an gcóras ríomhairithe, iarrtar ar mhúinteoirí an rolla a ghlacadh ar pháipéar.
- Má bhíonn scoláire déanach agus muna bhfuil stampa déanach sa dialann a thaispeánann gur shínigh an scoláire isteach sa phríomhoifig ba chóir don mhúinteoir iarraidh ar an scoláire dul ag an bpríomhoifig le síniú isteach ar an ipad scoile agus stampa déanach a fháil ón bpríomhoifig.

**Turas scoile/imeachtaí spóirt/coinne le ball foirne**

Bá chóir don mhúinteoir a eagraíonn an t-imeacht a bheith cinnte go bhfuil ainmneacha na scoláirí a bheith as láthair marcáilte mar GS sula n-imíonn tú. Tá an fhreagracht ar an múinteoir atá i mbun an turais/imeacht spóirt/coinne a bheith cinnte go bhfuil seo déanta acu.

## 5.6 Rol an Scoláire

- Caithfidh scoláirí bheith i láthair in am agus eagraithe do ranganna. Ba chóir dóibh a bheith ar scoil ag 8.20 chun ullmhú do na ranganna.
- Caithfear nótaí a chur ar an aip ón tuismitheoir/caomhnóir má tá dalta chun a bheith as láthair.

**Ag teacht déanach/ag fágáil luath nó i rith an lae;**

- Ba chóir nóta le cúis a bheith sa dialann/aip agus é seo a thaispeáint don mhúinteoir ranga.
- Ba chóir don scoláire scanadh isteach, logáil isteach ar an ipad agus stampa déanach a fháil sa phríomhoifig.
- Má tá scoláire tinn i rith an lae, ní mór dóibh labhairt lena múinteoir ranga/ceann bliana/SNA. Déanfar teagmháil le tuismitheoir ag an rúnaí san oifig más gá. Níl cead ag scoláirí teagmháil díreach a dhéanamh lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí.
- Ní mór do scoláirí síniú amach ar an ipad ag an bpríomhdhoras má tá siad ag fágáil luath i rith an lae.

## 5.7 Tuismitheoirí/Caomhnóirí

- Tá tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as Oideachas a bpáiste a spreagadh agus a chinntiú go bhfuil sé/sí ag freastal ar an scoil go rialta. Ba chóir dóibh súil a choinneáil ar thinreamh agus ar phoncúlacht a bpáiste ar Vsware.
- Míniú ar an neamhláithreachais a chur i scríbhinn ar an aip nuair atá scoláire as láthair/déanach/ag fágáil luath.
- Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóirí, chomh fada agus is féidir gan choinnithe a dhéanamh i rith am scoile.
- Uimhreacha gutháin agus seoltaí ríomhphoist iontaofa a chur ar fáil don scoil ionas gur féidir leis an scoil teagmháil a dhéanamh más gá.
- Nuair is gá, cumarsáid ón scoil a fhreagairt ó thaobh cursaí tinrimh agus poncúlachta de.
- Laethanta saoire a eagrú taobh amuigh de na 166 laethanta scoile sa bhliain.

## 5.8 Oifigí Riaracháin Scoile

- Sonraí ón aip maidir le cúrsaí tinrimh agus poncúlachta a ionchur ar Vsware.
- A chinntiú go n-úsáideann daltaí déanacha an ipad scoile ag an bpríomhdhoras chun logáil isteach agus go bhfaigheann siad stampa déanach sa dialann.
- Daltaí atá ag fágáil luath a mharcáil as 'Fág' ar VS ware.

## 6. Poncúlacht agus Tinreamh

Úsáideann na scoláirí cárta tinrimh gach maidin ag teacht isteach príomhdhoras na scoile. Tabharafar an cárta dóibh agus iad ag tosú sa Choláiste ach má chailltear é cosnóidh ceann nua €12.00

## 6.1 Poncúlacht

- Má bhíonn scoláire déanach ba chóir dó/di síniú isteach ag an oifig agus cuirtear stampa sa dialann/nóta ar VSware.

- Má bhíonn an scoláire déanach don dara uair sa mhí gan nóta leithscéala ón mbaile ar an lá beidh air/uirthi fanacht siar a dhéanamh ar an Aoine ina dhiaidh sin ó 13.15 go 14.15. Láimhseálfar fanacht siar ag an oifigeach tinrimh.

- Ina dhiaidh sin aon uair sa mhí go mbíonn scoláire déanach fanfaidh sé/sí siar ó 13.15 go 15.15 ar an Aoine.

- Má thagann scoláire ar scoil go rialta le nóta leithscéil de bharr poncúlachta ní ghlacfar ach le dhá nóta in aghaidh na seachtaine. I ndiaidh sin socrófar cruinniú idir an tuismitheoir/caomhnóir agus an Ceann Bliana chun an fhadhb a phlé.

- Má leanann an fhadhb déanfaidh an Ceann Bliana an scéal a phlé leis an scoláire agus/nó le tuismitheoir/le caomhnóir agus is féidir an scoláire a chur ar fionraí inmheánach mura dtagann feabhas ar an scéal nó má dhiúltaíonn an scoláire an pionós a dhéanamh.

## 6.2 Tinreamh

- Seolfar téacs gach maidin do thuismitheoir aon scoláire atá as láthair gan chead.
- Tabharfar droch nóta d'aon scoláire nach úsáideann a gcárta tinrimh dhá lá as a chéile.
- De réir Acht um Leas na bPáistí (2000) tá sé de dhualgas ar an gColáiste An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais a chur ar an eolas má tá scoláire as láthair 20 lá nó níos mó is cuma cén chúis.
- Taobh amuigh den dlí, tá sé tábhachtach go mbeadh tinreamh leanúnach ag scoláirí ar mhaithe le dul chun cinn agus le dea-nósanna tinrimh a chothú.
- Má chailleann scoláire an iomarca laethanta scoile sa bhliain beidh ar an scoláire le tuismitheoir / caomhnóir bualadh leis an bPríomhoide/Príomhoide Tánaisteach le cás a dhéanamh le dul isteach sa chéad bhliain eile. I gcásanna áirithe cuirfear an cás seo faoi bhráid an Bhord Bainistíochta.

- Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas má tá imní ann maidir le tinreamh scoláire agus arís nuair a sheoltar ainm an dalta chuig an Oifigeach Leasa Oideachais.

- Má fhágann scoláire an scoil nó talamh na scoile gan chead cuirfear ar Fanacht Siar iad. Beidh ar an scoláire an t-am caillte a dhéanamh suas x 2

## 7 Critéir Rathúlachta

- Beidh a fhios againn go bhfuil an polasaí éifeachtach má tá dea-thinreamh agus poncúlacht ag daltaí na scoile.

- Déanfar athbhreithniú bhliantúil ar staitisticí tinrimh na scoláirí.

## 8 Monatóireacht.

Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas seo gach trí bliana nó nuair a mheasann an Bhainistíocht Scoile go bhfuil sé riachtanach. Ghlac Bord Bainistíochta Coláiste Cois Life leis an bpolasaí ar an 24 Samhain 2025.

Sínithe: ______________________

Dáta: 24/11/25.

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Sínithe: Breandán Mac Fhloinn

Dáta: 24/11/25

Rúnaí an Bhoird & Príomhoide na Scoile